



Co-funded by the
Erasmus+ Programme
of the European Union

Innéacs Tionscadail: 2022-1-IE01-KA220-SCH-000089856

Acraim Tionscadail: AstronoMine

Tionscadal Teideal Iomlán: Réalteolaíocht a Fhoghlaim trí Minecraft

Preasráiteas - Nuashonrú ar Thionscadal Astronomie: Forbairt Trí Shaol Oideachais Minecraft Uathúil

Márta 2024

Is tionscnamh nuálach í tionscadal AstronoMine, atá maoinithe ag clár Erasmus+ Knowledge Alliances. Tá fonn orainn anois sa preasráiteas seo, céim shuntasach a fhógairt ina thuras chun oideachas STEAM a athrú ó bhonn. An mhí seo, táimid bródúil as na leaganacha alfa de thrí shaol nó domhain AstronoMine a nochtadh laistigh d'Oideachas Minecraft, atá deartha chun mic léinn a ghríosadh agus oideachas a chur orthu faoi iontais na réalteolaíochta. Ní scaoilfear na leaganacha alfa seo go poiblí ag an bpointe seo. Ina áit sin, rachaidh ár gcomhpháirtithe cuibhreannais faoi phróiseas tástála inmheánach.

Chomh maith le tástáil inmheánach, beidh deis eisiach ag grúpa roghnaithe scoileanna ar fud na hEorpa taithí a fháil ar na saolta/domhain Minecraft seo agus aiseolas a thabhairt ina leith.

Tá an chéim tástála sheachtrach seo ríthábhachtach chun léargas a bhailiú agus chun tuiscint a fháil ar chur i bhfeidhm praiticiúil agus ar thionchar na n-uirlisí oideachais seo i suíomh an seomra ranga.

Tá na domhain Minecraft seo, a forbraíodh trí iarracht chomhoibritheach ár gcuibhreannais, cruthaithe chun eispéireas foghlama tumtha agus idirghníomhach a chur ar fáil. Tá gach domhan curtha in oiriúint do ghnéithe éagsúla den réalteolaíocht, rud a chinntíonn turas cuimsitheach oideachais do dhaltaí idir 10-12 bliain d'aois. Tá na saolta deartha go dlúth ní hamháin chun ailíniú le Lámhleabhar na Múinteoirí ach freisin chun cur i bhfeidhm praiticiúil ar eolas teoiriciúil, a chur ar fáil ar bhealach spráúil agus tarraingteach.

I mí Aibreáin 2024, tiocfaidh ár gcuibhreannas le chéile sa Ghréig chun na saolta sin a bheachtú go teicniúil agus go hoideachasúil. Tá sé mar aidhm ag an gcruinniú seo snas a chur ar na chéad leaganacha de shaol Minecraft, ag cinntiú go gcomhlíonann siad ár gcaighdeáin arda maidir le hábhar oideachais agus taithí úsáideora. Tar éis na dianchéime athbhreithnithe agus feabhsaithe seo, tabharfaimid faoin tasc ríthábhachtach chun na saolta seo a aistriú go teangacha éagsúla, agus ar an gcaoi sin ár raon agus ár dtionchar a leathnú ar fud na hEorpa.

Ní hionann tacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun an foilseachán seo a chur ar fáil agus formhuiniú ar an ábhar, a léiríonn tuairimí na n-údar amháin, agus ní féidir leis an gCoimisiún a bheith freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.



Co-funded by the
Erasmus+ Programme
of the European Union

Tá an tionscadal AstronoMine tiomanta do theicneolaíocht a ghiaráil chun eispéiris oideachais a fheabhsú. Céim ríthábhachtach inár dturas is ea forbairt na saol Minecraft seo chun foghlaim faoin réalteolaíocht a dhéanamh ní hamháin faisnéiseach ach tarraingteach freisin.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi thionscadal AstronoMine agus faoinár bhforbairtí atá le teacht, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin:

<http://astronomine.erasmusplus.website/>

Déan teagmháil le:

Dr. Daithí Ó Murchú, Comhordaitheoir Tionscadail
Ionad Oideachais Dhroim Conrach (Éire)

domurchu1@gmail.com

Ní hionann tacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun an foilseachán seo a chur ar fáil agus formhuiniú ar an ábhar, a léiríonn tuairimí na n-údar amháin, agus ní féidir leis an gCoimisiún a bheith freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.